Comhairle an Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 7 Márta 2024**
**(OR. en)**

**7219/24**

**LIMITE**

**EEE 9**
**CH 5**
**MI 240**
**RECH 95**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Cónaidhm na hEilvéise i ndáil le forálacha institiúideacha i gcomhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise a bhaineann leis an margadh inmheánach, i ndáil le comhaontú maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gcláir an Aontais agus i ndáil le comhaontú atá mar bhonn le rannchuidiú buan Chónaidhm na hEilvéise le comhtháthú an Aontais |

1. An 20 Nollaig 2023, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle[1].

2. Pléadh an togra ag cruinnithe na Meithle um Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) an 10 agus an 23 Eanáir 2024, an 6 agus an 14 Feabhra 2024. An 5 Márta 2024, tháinig an Mheitheal um Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) ar chomhaontú maidir le substaint an togra athbhreithnithe.

[1] 17059/23 + ADD 1.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar thángthas air ar leibhéal na Meithle um CSTE a dhearbhú agus a iarraidh ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le Cónaidhm na hEilvéise i ndáil le forálacha institiúideacha i gcomhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise a bhaineann leis an margadh inmheánach, i ndáil le comhaontú maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise i gcláir an Aontais agus i ndáil le comhaontú atá mar bhonn le rannchuidiú buan Chónaidhm na hEilvéise le comhtháthú an Aontais mar aon leis na treoracha le haghaidh caibidlíochta, mar a leagtar amach in 7031/24 + ADD1 é, a ghlacadh;

- a chinneadh an cinneadh agus na treoracha le haghaidh caibidlíochta a fhoilsiú san Iris Oifigiúil, i gcomhréir le hAirteagal 17(2)(b) de réir a rialacha nós imeachta;

- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go gcuirfear an Cinneadh ón gComhairle agus na treoracha le haghaidh na caibidlíochta ar aghaidh chuig an bParlaimint.

PUBLIC